

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/418 ÓN gCOIMISIÚN
an 10 Márta 2022

maidir le hinfheidhmeacht Airteagal 34 de Threoir 2014/25/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle i ndáil le soláthar seirbhísí neamhthráchtála iompair de bhus i réigiúin na hOstaire faoi inniúlacht na n-údarás iompair réigiúnaigh Verkehrsverbund Ost-Region (VOR) agus Oberösterreich Verkehrsverbund (OÖVV)

(a bhfuil fógra tugtha ina leith faoi dhoiciméad C(2022) 1352)

(Is ag an téacs sa Ghearmáinis a bheidh an t-údarás agus aige sin amháin)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Threoir 2014/25/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le nósanna imeachta soláthair ag eintitis a fheidhmíonn in earnáil an uisce, an fhuinnimh, an iompair agus na seirbhísí poist agus lena n-aisghairtear Treoir 2004/17/CE ⁽¹⁾, agus go háirithe Airteagal 35(3) de,

Tar éis dó dul i gcomhairle leis an gCoiste Comhairleach um chonarthaí poiblí,

De bharr an mhéid seo a leanas:

1. FÍRICÍ

1.1. An iarraidh

- (1) An 2 Deireadh Fómhair 2020, chuir Buanionadaíocht na hOstaire iarratas de bhun Airteagal 35(1) de Threoir 2014/25/AE (“an t-iarratas”), faoi bhráid an Choimisiúin, thar cheann Österreichische Postbus AG (“Postbus” nó “an t-iarratasóir”). Comhlíonann an iarraidh na ceanglais fhoirmiúla a leagtar amach in Airteagal 1(1) de Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2016/1804 ón gCoimisiún ⁽²⁾ agus in Iarscríbhinn I a ghabhann leis.
- (2) Baineann an t-iarratasóir leis an ngrúpa ÖBB (Iarnróid Chónaidhmeacha na hOstaire). Tá 100 % de scaireanna an iarratasóra i seilbh ÖBB-Personenverkehr AG, atá ina fhochuideachta 100 % de ÖB-Holding AG. Tá na scaireanna go léir atá in ÖB-Holding AG i seilbh Phoblacht na hOstaire. Tá an t-iarratasóir gníomhach in earnáil an iompair de bhus paisinéirí.
- (3) Is eintiteas conarthach an t-iarratasóir de réir bhrí Airteagal 4(2) de Threoir 2014/25/AE agus déanann sé gníomhaíocht a bhaineann le hoibriú líonraí a sholáthraíonn seirbhís don phobal i réimse an iompair de bhus, dá dtagraítear in Airteagal 11 den Treoir sin.
- (4) Is éard atá sna seirbhísí sceidealta bus seirbhísí iompair do phaisinéirí atá inrochtana go tráthrialta agus go poiblí, a sholáthraíonn oibreoirí iompair paisinéirí ar íocaíocht laistigh de bhealaí sonracha iompair, rud a chuireann ar chumas paisinéirí dul ar an mbus agus teacht amach ag stáisiúin réamhshocráithe. Má dheonaíonn údarais phoiblí cúiteamh airgeadais do ghnóthas as na seirbhísí sin a dhéanamh, tugtar seirbhísí iompair neamhthráchtála orthu.

⁽¹⁾ IO L 94, 28.3.2014, lch. 243.

⁽²⁾ Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2016/1804 ón gCoimisiún an 10 Deireadh Fómhair 2016 maidir leis na rialacha mionsonraithe i dtaca le cur i bhfeidhm Airteagal 34 agus Airteagal 35 de Threoir 2014/25/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le soláthar arna dhéanamh ag eintitis a fheidhmíonn in earnáil an uisce, an fhuinnimh, an iompair agus na seirbhísí poist (IO L 275, 12.10.2016, lch. 39).

- (5) I gcás seirbhísí bus neamhthráchtála, dámhtar dhá chineál conartha éagsúla. Baineann an chéad chineál le conarthaí seirbhíse poiblí á ndámhachtain ag údaráis inniúla iompair i gcomhréir le forálacha Rialachán (CE) Uimh. 1370/2007 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽³⁾, arb infheidhme é maidir le seirbhísí poiblí iompair do phaisinéirí d'iarnród agus de bhóthar. Baineann an dara cineál le conarthaí á ndámhachtain ag an oibreoir atá ainmnithe chun Conradh seirbhíse poiblí den sórt sin a chur i gcrích, amhail conarthaí le cuideachta glantacháin chun busanna a ghlanadh nó le cuideachta a sholáthraíonn busanna lena n-úsáid ag an oibreoir.
- (6) Ní chumhdaítear leis an iarraidh ach an dara cineál conarthaí, i.e. dámhachtain conarthaí atá beartaithe chun feidhmiú seirbhísí neamhthráchtála sceidealta iompair de bhus a chumasú san Ostair, gníomhaíocht a bhaineann le hoibriú líonraí i gcomhréir le hAirteagal 11 de Threoir 2014/25/AE. Ní chumhdaítear leis an iarratas dámhachtain conarthaí chun seirbhísí bus neamhthráchtála arna ndámhachtain go díreach ar oibreoirí inmheánacha a shaothrú. Ní chumhdaíonn sé dámhachtain conartha d'oibreoir bus ag údarás iompair réigiúnach (Verkehrsverbund) ar Conradh é chun seirbhísí iompair de bhus a oibriú, ós rud é go dtagann dámhachtainí den sórt sin faoi raon feidhme Rialachán (CE) Uimh. 1370/2007.
- (7) Ní raibh seasamh réasúnaithe ó Bundeswettbewerbsbehörde (Údarás Iomaíochta Náisiúnta na hOstaire, "NCA") ag gabháil leis an iarratas ar dtús. I gcomhréir le pointe 1(b) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Treoir 2014/25/AE, ós rud é nach féidir a thiomhdiú go mbeidh saor-rochtain ar an margadh ar bhonn Airteagal 34(3), an chéad fhomhír, den Treoir sin, déanfaidh an Coimisiún Cinneadh Cur Chun Feidhme a ghlacadh maidir leis an iarraidh laistigh de 130 lá oibre. Cuireadh an spriocdháta tosaigh ar fionraí i gcomhréir le pointe 2 d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Treoir 2014/25/AE. Ba cheart don Choimisiún Cinneadh Cur Chun Feidhme a ghlacadh faoin 28 Feabhra 2022.
- (8) D'iarr an Coimisiún tuilleadh faisnéise ar údaráis na hOstaire an 11 Samhain 2020. Thíolaic údaráis na hOstaire faisnéis an 2 Nollaig 2020, an 23 Feabhra 2021 agus an 23 Márta 2021. Áiríodh seasamh NCA le tíolacadh an 23 Márta 2021, ina ndéantar anailís an bhfuil feidhm ag Airteagal 34(1) de Threoir 2014/25/AE maidir leis na gníomhaíochtaí lena mbaineann, i gcomhréir le mír 2 agus mír 3 den airteagal sin.
- (9) An 19 Deireadh Fómhair 2021, rinne an t-iarratasóir raon feidhme geografach an iarratais ar dhíolúine a theorannú do dhá chuid de chríoch na hOstaire, Vín, an Ostair Íochtarach agus Burgenland (faoi inniúlacht an údaráis iompair réigiúnaigh Verkehrsverbund Ost-Region (VOR)) agus an Ostair Uachtarach (faoi inniúlacht an údaráis iompair réigiúnaigh Oberösterreich Verkehrsverbund (OÖVV)). Chuir an t-iarratasóir faisnéis bhreise ar fáil an 21 Deireadh Fómhair agus an 8 Samhain 2021.

2. CREAT DLÍTHIÚIL

- (10) Tá feidhm ag Treoir 2014/25/AE maidir le conarthaí a dhámhachtain i leith gníomhaíochtaí a shaothrú a bhaineann le soláthar nó oibriú líonraí a sholáthraíonn seirbhís don phobal i réimse an iompair d'iarnród, do chórais uathoibríthe, do thrambhealach, do bhus tralaí, do bhus nó do chábla, ach amháin má tá an ghníomhaíocht díolmhaithe de bhun Airteagal 34 den Treoir sin.
- (11) De bhun Airteagal 34 de Threoir 2014/25/AE, níl conarthaí atá beartaithe chun feidhmiú gníomhaíochta lena mbaineann an Treoir sin a chumasú le bheith faoi réir na Treorach sin más rud é, sa Bhallstát ina ndéantar í, go bhfuil an ghníomhaíocht nocha go díreach leis an iomaíocht ar mhargaí nach bhfuil rochtain orthu srianta.
- (12) Déantar risíocht dhíreach ar iomaíocht a mheasúnú ar bhonn critéar oibiachtúil, agus saintréithe na hearnála lena mbaineann á gcur san áireamh ⁽⁴⁾. Tá an measúnú sin teoranta, áfach, ag na spriocdhátaí gearra is infheidhme agus ag brath ar an ngá le bheith ag brath ar an bhfaisnéis atá ar fáil don Choimisiún. Eascaíonn an fhaisnéis sin as foinsí atá ar fáil cheana féin nó as an bhfaisnéis a fuarthas i gcomhthéacs an chur i bhfeidhm de bhun Airteagal 35 de Threoir 2014/25/AE agus ní féidir an fhaisnéis sin a fhorlíonadh le modhanna a ídíonn níos mó ama, lena n-áirítear, go háirithe, fiosrúcháin phoiblí atá dírithe ar na hoibreoirí eacnamaíocha lena mbaineann ⁽⁵⁾.

⁽³⁾ Rialachán (CE) Uimh. 1370/2007 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2007 maidir le seirbhísí poiblí iompair do phaisinéirí d'iarnród agus de bhóthar agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 1191/69 agus Rialachán (CEE) Uimh. 1107/70 ón gComhairle (IO L 315, 3.12.2007, lch. 1).

⁽⁴⁾ Treoir 2014/25/AE, aithris 44.

⁽⁵⁾ *Ibid.*

- (13) Ba cheart meastóireacht a dhéanamh ar risíocht dhíreach ar iomaíocht ar bhonn táscairí éagsúla, nach gá go mbeadh aon cheann acu cinntitheach as a stuaim féin. Maidir leis an margadh lena mbaineann an Cinneadh seo, is critéar amháin scaireanna margaidh, ar cheart é a chur san áireamh, mar aon le critéir eile, amhail bacainní iontrála nó iomaíocht idir modhanna iompair a bheith ann.

3. MEASÚNÚ

- (14) Is é is aidhm don Chinneadh seo a shuíomh an bhfuil na seirbhísí lena mbaineann an t-iarratas neamhchosanta ar leibhéal iomaíochta (i margaí nach bhfuil rochtain orthu srianta de réir bhrí Airteagal 34 de Threoir 2014/25/AE) lena n-áiríthítear, in éagmais an smachta atá mar thoradh ar na rialacha mionsonraithe soláthair a leagtar amach i dTreoir 2014/25/AE, go ndéanfar soláthar do shaothrú na ngníomhaíochtaí lena mbaineann ar bhealach trédhearcach agus neamh-idirdhealaitheach bunaithe ar chritéir a ligeann do cheannaitheoirí an réiteach is buntáistí go heacnamaíoch a shainaithint.
- (15) Tá an Cinneadh seo bunaithe ar an staid dhlíthiúil agus fhíorasach amhail ó mhí na Samhna 2021 agus ar an bhfaisnéis a chuir an t-iarratasóir isteach, údaráis na hOstaire, lena n-áirítear Aireacht Cónaidhme na hOstaire um Ghníomhú ar son na hAeráide, um an gComhshaoil, um Shoghluasteacht, um Nuálaíocht agus um Theicneolaíocht (“BMK”), NCA agus na húdaráis iompair réigiúnacha agus an fhaisnéis a bhfuil teacht ag an bpobal uirthi.

3.1. Rochtain neamhshrianta ar an margadh

- (16) Meastar rochtain ar mhargadh a bheith neamhshrianta má tá an reachtaíocht ábhartha de chuid an Aontais, lena n-oscáitear earnáil áirithe nó cuid de, curtha chun feidhme agus curtha i bhfeidhm ag an mBallstát lena mbaineann. Tá Rialachán (CE) Uimh. 1370/2007 infheidhme maidir le seirbhísí poiblí iompair do phaisinéirí d'iarannróid agus de bhóthar. De bhun Airteagal 5(1) den Rialachán sin, tá dámhachtain conarthaí seirbhíse poiblí do sheirbhísí poiblí iompair do phaisinéirí de bhus i bhfoirm conarthaí lamháltas seirbhíse le dámhachtain i gcomhréir leis na rialacha atá leagtha síos i Rialachán (CE) Uimh. 1370/2007⁽⁶⁾. Áirítear leis na rialacha sin, a leagtar amach in Airteagal 4 den Rialachán, *inter alia*, sainmhíniú soiléir ar na hoibleagáidí seirbhíse poiblí atá le comhlíonadh ag an oibreoir seirbhíse poiblí, na limistéir gheografacha lena mbaineann, nó ré an chonartha. Mar sin féin, níl Rialachán (CE) Uimh. 1370/2007 liostaithe in Iarscríbhinn III a ghabhann le Treoir 2014/25/AE. Dá bhrí sin, ní mór don iarratasóir a léiriú go bhfuil rochtain ar an margadh chun seirbhísí bus neamhthráchtála a sholáthar saor in aisce *de facto* agus *de jure*.
- (17) Tá conarthaí seirbhíse poiblí eile d'iompar poiblí de bhus, nach bhfuil i bhfoirm lamháltas seirbhíse, le dámhachtain i gcomhréir leis na rialacha soláthair poiblí lena dtrasuitear (*inter alia*) Treoir 2014/25/AE.
- (18) Is é an reachtaíocht náisiúnta ábhartha an tAcht ar Sheirbhísí Bus Sceidealta (Bundesgesetz über die linienmäßige Beförderung von Personen mit Kraftfahrzeugen (Kraftfahrliengesetz - KfLG))⁽⁷⁾ agus an tAcht um Iompar Poiblí Áitiúil agus Réigiúnach do Phaisinéirí (Bundesgesetz über die Ordnung des öffentlichen Personennah- und Regionalverkehrs (Öffentlicher Personennah- und Regionalverkehrsgesetz 1999 – ÖPNRV-G 1999))⁽⁸⁾.
- (19) Tá feidhm ag KfLG maidir le seirbhísí iompair paisinéirí atá inrochtana go tréimhsiúil agus atá inrochtana go poiblí, ar seirbhísí iad a sholáthraíonn oibreoirí iompair paisinéirí ar íocaíocht laistigh de bhealaí sonracha iompair, rud a chuireann ar chumas paisinéirí dul ar an mbus agus teacht amach ag stáisiúin réamhshocráithe. Lamháltas faoi KfLG, a thagann faoi raon feidhme Rialachán (CE) Uimh. 1370/2007, deonaítear iad i leith bealaí sonracha. Má dheonaíonn údaráis poiblí cúiteamh airgeadais as comhlíonadh oibleagáidí seirbhíse poiblí, is seirbhísí iompair neamhthráchtála iad na seirbhísí iompair sin.

⁽⁶⁾ Léitear Airteagal 5(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1370/2007 mar a leanas: “Dámhfar conarthaí seirbhíse poiblí i gcomhréir leis na rialacha a leagtar síos sa Rialachán seo. Ar a shon sin, déanfar conarthaí seirbhíse poiblí arna sainmhíniú i dTreoir 2004/17/CE nó i dTreoir 2004/18/CE a bhaineann le seirbhísí poiblí iompair do phaisinéirí de bhus nó de thram a dhámhachtain i gcomhréir leis na nósanna imeachta dá bhforáiltear sna Treoracha sin i gcás nach i bhfoirm conarthaí lamháltas seirbhíse arna sainmhíniú sna Treoracha sin a bheidh na conarthaí sin.”

⁽⁷⁾ Iris Chónaidhme na hOstaire (BGBl.) I Uimh. 203/1999.

⁽⁸⁾ Iris Chónaidhme na hOstaire (BGBl.) I Uimh. 204/1999.

- (20) Rialáonn ÖPNRV-G gnéithe eagrúcháin agus airgeadais oibriú na seirbhísí poiblí áitiúla agus réigiúnacha iompair do phaisinéirí (iarnród agus bus) chomh maith le struchtúr agus réimse freagrachta na gcomhlachas iompair.
- (21) Maidir le saor-rochtain *de jure* ar mhargadh na seirbhísí bus neamhthráchtála, suíonn KfLG agus ÖPNRV-G araon nach mór don údarás conarthach an chuideachta iompair a roghnú i gcomhréir leis na rialacha soláthair phoiblí lena dtrasuitear Treoir 2014/25/AE agus Rialachán (CE) Uimh. 1370/2007.
- (22) Tá feidhm ag Rialachán (CE) Uimh. 1370/2007 agus ag reachtaíocht na hOstaire maidir le gníomhaíochtaí an iarratasóra. Cé nach bhfuil Rialachán (CE) Uimh. 1370/2007 liostaithe in Iarscríbhinn III a ghabhann le Treoir 2014/25/AE, déantar foráil ann maidir le creat rialála ar dóigh dó iomaíocht iomchuí a áirithiú de réir an cháis. Sainordáítear le hAirteagal 5(3) de Rialachán (CE) Uimh. 1370/2007 dámhachtain conarthaí seirbhíse poiblí ar bhonn nós imeachta iomaíoch tairisceana, ach amháin i gcásanna an-sonrach (meánluach bliantúil níos lú ná EUR 1 000 000, soláthar bliantúil is lú ná 300 000 ciliméadar de sheirbhísí poiblí iompair do phaisinéirí nó (bhaol láithreach go gcuirfeadh isteach ar sheirbhísí). Mar thoradh air sin, reáchtáiltear comórtas agus conarthaí á ndámhachtain chun línte bus a oibriú sa chás seo ós rud é go ndámhtar na conarthaí sin tar éis tairiscintí oscailte a fháil sa dá réigiún atá faoi réir na hiarrata, i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1370/2007.
- (23) I bhfianaise an mhéid thuas, measann an Coimisiún go gcomhlíontar na coinníollacha maidir le rochtain shaor *de jure* ar an margadh.
- (24) Maidir le rochtain shaor *de facto* ar mhargadh na seirbhísí iompair de bhus, tugann an Coimisiún dá aire go bhfuil gníomhaithe nua margaidh tar éis dul isteach sa mhargadh le blianta beaga anuas. Mar shampla, d'éirigh le trí ghnóthas ó Bhallstáit eile seachas an Ostair dul isteach go rathúil sa mhargadh sa dá réigiún faoi réir na hiarrata idir 2016 agus 2020.
- (25) De réir an iarratasóra, tá méadú ag teacht ar an úsáid a bhain an dá údarás dámhachtana réigiúnacha as tairiscint iomaíoch chun seirbhísí bus ar conradh a dhámhachtain le blianta beaga anuas, mar thoradh ar Rialachán (CE) Uimh. 1370/2007 a ghlacadh. Bunaíodh le Rialachán (CE) Uimh. 1370/2007 go gcomhlíonfaidh dámhachtain conarthaí seirbhíse poiblí d'iompar d'iarnród agus de bhóthar na príonsabail a bunaíodh in Airteagal 5 den Rialachán sin amhail ón 3 Nollaig 2019, agus ar an gcaoi sin go dteorannófar go docht dámhachtainí díreacha. Faoi mhí an Mheithimh 2021, b'ionann an sciar de thairiscintí iomaíocha agus 92 % le haghaidh an réigiúin faoi inniúlacht VOR agus 100 % le haghaidh an réigiúin faoi inniúlacht ÖÖVV.
- (26) Ina seasaimh, aithníonn BMK agus NCA go bhfuil rochtain shaor *de jure* agus *de facto* ar an margadh i gceist.
- (27) Chun críocha an Chinnidh seo, measann an Coimisiún gur cheart rochtain ar mhargaí na seirbhísí neamhthráchtála iompair de bhus neamhthráchtála ar chríocha na réigiún faoi inniúlacht VOR agus ÖÖVV a mheas mar rochtain shaor *de jure* agus *de facto* de réir bhrí Airteagal 34 de Threoir 2014/25/AE.

3.2. Measúnú iomaíochta

3.2.1. Sainmhíniú ar mhargadh táirgí ábhartha

3.2.2. Sainmhíniú ar Mhargadh Táirgí

- (28) Cuimsítear an méid seo a leanas i seirbhísí iompair de bhus san Ostair: seirbhísí sceidealta iompair bus, atá faoi réir KfLG, agus seirbhísí neamhsceidta iompair bus a rialaítear faoin Acht maidir le Seirbhísí Neamhsceidta Bus – Gelegenheitsverkehrs-Gesetz (GelverkG).

- (29) Déanann ÖPNRV-G chomh maith le Rialachán (CE) Uimh. 1073/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁹⁾ idirdealú idir seirbhísí tráchtála agus neamhthráchtála iompair de bhus. De réir Roinn 3(2) de ÖPNRV-G, ní mheasfar gur seirbhísí iompair tráchtála iad seirbhísí iompair ach amháin mura ndeonaíonn údaráis phoiblí aon chúiteamh. Cibé áit a ndeonaíonn údaráis phoiblí cúiteamh airgeadais, cáilítear seirbhísí iompair mar sheirbhísí neamhthráchtála.
- (30) Agus seirbhísí iompair neamhthráchtála á gceannach aige nó athruithe á ndéanamh aige ar sceideal oibriúcháin atá ann cheana, ní mór don údarás conarthach an chuideachta iompair a roghnú i gcomhréir leis na forálacha is infheidhme maidir leis an dlí soláthair phoiblí agus Rialachán (CE) Uimh. 1370/2007. Go ginearálta, tá seirbhísí neamhthráchtála iompair de bhus faoi réir nósanna imeachta tairisceana éigeantacha. Tar éis theacht i bhfeidhm Rialachán (CE) Uimh. 1370/2007 an 7 Nollaig 2019, bronnadh líon méadaitheach seirbhísí neamhthráchtála iompair de bhus i nósanna imeachta tairisceana iomaíocha san Ostair. Deimhnítear le cleachtas cumaisc an Choimisiúin ⁽¹⁰⁾ gurb ionann seirbhísí tráchtála iompair de bhus agus seirbhísí neamhthráchtála iompair phoiblí de bhus agus margáí táirgí éagsúla mar gheall ar an difríocht idir cineálacha na hiomaíochta.
- (31) Maidir leis an margadh do sheirbhísí neamhthráchtála iompair de bhus, déantar iomaíocht idir oibreoirí iompair de bhus poiblí ar leibhéal na tairisceana do chonarthaí, eadhon le linn conarthaí a bheith á ndámhachtain chun seirbhísí bus iompair phoiblí a oibriú, agus ní dhéantar sin ina dhiaidh sin ar an margadh i ndáil le gnéithe amhail praghas, toilleadh, minicíocht nó gnéithe eile seirbhíse. I gcomparáid le seirbhísí tráchtála iompair, is gnách gur beag tionchar a bhíonn ag oibreoirí neamhthráchtála iompair bus ar bhunghnéithe na hiomaíochta amhail minicíochtaí, táillí nó compord na bpaisinéirí, toisc gurb é an t-údarás a dhámhann an Conradh chun an tseirbhís a sholáthar a shocraíonn na gnéithe sin. Tá oibleagáid ar oibreoirí neamhthráchtála iompair de bhus a gcuid seirbhísí a sholáthar de réir an chonartha arna chur i gcrích leis an údarás dámhachtana agus ní féidir leo a seirbhísí a oiriúnú do riachtanais na bpaisinéirí, mar is gnách a dhéanfadh oibreoirí tráchtála.
- (32) D'áitigh an t-iarratasóir go bhféadfadh seirbhísí neamhthráchtála iompair de bhus arna soláthar ag oibreoirí inmheánacha a bheith ina margadh ábhartha ar leithligh laistigh den mhargadh seirbhísí neamhthráchtála iompair de bhus ar na cúiseanna seo a leanas:
- níl seirbhísí iompair a sholáthraíonn oibreoirí inmheánacha faoi réir nósanna imeachta tairisceana éigeantacha, ar choinníoll go gcomhlíontar na ceanglais a leagtar síos sa reachtaíocht ábhartha (Airteagal 5(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1370/2007, Airteagal 10 de Threoir 2014/24/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹¹⁾ nó Airteagal 28 nó Airteagal 29 de Threoir 2014/25/AE).
 - fad a chomhlíonfar ceanglais Rialachán (CE) Uimh. 1370/2007, féadfaidh an t-úinéir costais an oibreora inmheánaigh a chúiteamh fiú más airde na costais sin ná na costais a thabhaíonn cuideachtaí iomaíocha.
 - ní fhéadfadh an cinneadh “déan nó ceannaigh” a bheith bunaithe ar chostais an oibreora inmheánaigh amháin i gcomparáid leis an toradh a mheastar a bheidh ar thairiscint iomaíoch. Is minic a bhíonn fostaíthe ag oibreoirí iompair bhargasacha a bhfuil cosaint speisialta acu ar dhífhostú agus bheadh orthu a gcostais tuarastail a sheasamh fiú má rinne siad tairiscint nár éirigh léi don chonradh iompair phoiblí.
 - Níl aon tairiscintí san Ostair fós le haghaidh seirbhísí iompair a bhí á n-oibriú ag oibreoirí inmheánacha roimhe seo. Is iad na hoibreoirí inmheánacha féin a dhéanann tairiscintí poiblí ar fhochonradh freisin. I gcásanna den sórt sin, is é an tairgeoir a n-éireoidh leis fochonraitheoir an oibreora inmheánaigh. Mar shampla, bronnann an t-oibreoir inmheánach Wiener Linien GmbH & Co KG tairiscintí ar fochonraitheoirí as thart ar 44 % dá sheirbhísí iompair de bhus.
- (33) Dheimhnigh ⁽¹²⁾ BMK dearcadh an iarratasóra maidir le raon feidhme an mhargaidh táirgí ábhartha.
- (34) Glacann an Coimisiún leis go mbaineann oibreoirí inmheánacha le margadh ar leith.

⁽⁹⁾ Rialachán (CE) Uimh. 1073/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 maidir le rialacha comhchoiteanna le haghaidh rochtana ar an margadh idirnáisiúnta do sheirbhísí cóiste agus bus agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 561/2006 (IO L 300, 14.11.2009, lch. 88).

⁽¹⁰⁾ Cás COMP/M.5855 DB/Arriva an 11.8.2010 míreanna 20 et seq., Cás COMP/M.6818, Deutsche Bahn/Veolia an 30.4.2013, mír 19, Cás COMP/M.6818, Deutsche Bahn/Veolia an 30.4.2013, mír 25 et seq.

⁽¹¹⁾ IO L 94, 28.3.2014, lch. 65.

⁽¹²⁾ Freagra BMK an 2 Nollaig 2020.

- (35) Chun críocha an mheasúnaithe faoin gCinneadh seo agus gan dochar do chur i bhfeidhm dhlí na hiomaíochta, measann an Coimisiún gurb é an margadh táirgí ábhartha an margadh do sheirbhísí neamhthráchtála iompair de bhus do phaisinéirí i gcás ina dtarlaíonn iomaíocht don mhargadh.

3.2.3. Sainmhíniú ar Mhargadh Geografach

- (36) Deir an t-iarratasóir go bhfuil feidhm leanúnach ar fud na hOstaire ag an gcreat rialála maidir le seirbhísí iompair de bhus chomh maith le Gníomh um Sholáthar Poiblí de chuid Chónaidhm na hOstaire. Ina theannta sin, ní mór do thairgeoirí rialacháin bhreise a chomhlíonadh chun tairiscint a thíolacadh, amhail rialacháin maidir le dlí an tsaothair nó comhaontuithe cómhargála, tá siad infheidhme go haonfhoirmeach ar fud na hOstaire (is ionann costais phearsanra agus thart ar 50 % de chostais fhoriomlána na seirbhísí sceidealta iompair de bhus). Ar an taobh eile, léiríonn an t-iarratasóir go bhfuil difríochtaí suntasacha idir réigiúin de bharr comhlachais iompair réigiúnaigh a bheith ann atá freagrach as iompar de bhus.
- (37) Dúirt BMK nár ghá sainmhíniú a dhéanamh ar an margadh réigiúnach de bharr na ndifríochtaí a breathnaíodh ar an leibhéal réigiúnach.
- (38) Ina seasamh, míníonn NCA go gcuireann seacht gcomhlachas iompair réigiúnaigh seirbhísí iompair phoiblí de bhus amach, a chlúdaíonn le chéile críoch iomlán na hOstaire. Cuireann oibreoirí inmheánacha fochonraitheoirí amach ar fhochonradh, mar shampla i gceantar cathrach Vín. Ní thairgeann gach comhlachas iompair ach na seirbhísí laistigh dá chríoch. Baineann NCA de thátal go bhfuil an claonadh atá i gceist le tairiscint agus conraitheoireacht neamh-chomhreach seirbhísí iompair de bhus, ar seirbhísí réigiúnacha nó áitiúla amháin iad, agus go ndéanann seacht gcomhlachas iompair atá gníomhach go réigiúnach, a bhfuil a leasanna féin á saothrú acu, cinntí conartha a dhéanamh i gcoinne margadh náisiúnta aonfhoirmeach.
- (39) Ina chleachtas cumaisc, shainigh an Coimisiún an margadh geografach ábhartha do sheirbhísí iompair de bhus mar an margadh ina bhfuil feidhm ag an gcreat rialála céanna maidir le gach údarás iompair phoiblí ⁽¹³⁾.
- (40) Tugann an Coimisiún faoi deara gurb iad na húdaráis réigiúnacha inniúla (Verkehrsverbünde) atá freagrach as seirbhísí neamhthráchtála de bhus a eagrú. Tá na húdaráis sin i gceannas ar na tairiscintí a dhearadh, faoi chuimsiú na gcoinníollacha creata a leagtar síos leis an reachtaíocht náisiúnta is infheidhme (KfVG, GelverKG, ÖPNRV-G agus an gníomh um sholáthar poiblí BVergG 2018..
- (41) Sa dá réigiún atá faoi réir na hiarrata, is ionann an t-údarás iompair réigiúnach inniúil faoi seach agus na hoibreoirí inmheánacha iompair agus na hoibreoirí inmheánacha ollchonarthaí ⁽¹⁴⁾ agus na príomhthairgeoirí.
- (42) I bhfianaise an méid thuas, chun críocha an mheasúnaithe faoin gCinneadh seo agus gan dochar do chur i bhfeidhm dhlí na hiomaíochta, measann an Coimisiún gurb iad na margaí geografacha ábhartha, ar thaobh amháin, an réigiún faoi inniúlacht VOR agus, ar an taobh eile, an réigiún faoi inniúlacht ÖÖVV.

3.3. Anailís mhargaidh

- (43) San Ostair, rinneadh conarthaí reatha le haghaidh seirbhísí neamhthráchtála iompair de bhus a dhámhachtain trí thairiscintí iomaíocha nó trí dhámhachtain dhíreach. Bronnadh formhór mór na gconarthaí sin tar éis nós imeachta tairisceana. Le Rialachán (CE) Uimh. 1370/2007, bunaíodh idirthréimhse go dtí mí na Nollag 2019 maidir le dhámhachtain conarthaí a thagann faoina raon feidhme. Maíonn an t-iarratasóir go léiríonn a sciar laghdaitheach den mhargadh laistigh den dá réigiún, mar aon leis an gcéatadán ard de chonarthaí ar tairgeadh iad, an líon ard tairiscintí agus an cóimheas athraithe oibreoirí ard sa dá réigiún go nochtar na margaí sin go díreach leis an iomaíocht.

⁽¹³⁾ Cás COMP/M.5855 DB/Arriva an 11.8.2010, mír 27.

⁽¹⁴⁾ Cás COMP/M.6818, Deutsche Bahn/Veolia, cinneadh an 30.4.2013, cuid 14: "I gcás ollchonarthaí, cuirtear na tairiscintí oibreora ar na costais iomlána oibriúcháin, agus an t-ioncam ar fad faoi bhráid an údaráis; le conarthaí glana deonófar an t-ioncam ar fad don oibreoir agus ní dhéanfaidh sé tairiscint ach ar an difríocht is gá idir an t-ioncam táillí agus an méid is gá chun an brabús inmheánaithe a dhéanamh."

- (44) De réir BMK ⁽¹⁵⁾, i gcás ina dtarlaíonn nós imeachta iomaíoch tairisceana, ba cheart soláthar ag oibreoirí a sholáthraíonn na seirbhísí sin a cuireadh amach ar tairiscint (mar shampla oibriú bealaí bus nó seirbhísí fochonraithe-eoireachta don tseirbhís iompair neamhthráchtála shonrach) a eisiámh ó raon feidhme Threoir 2014/25/AE, toisc nach bhfuil aon amhras ann go bhfuil na hoibreoirí sin faoi réir iomaíochta ar bhonn an nós imeachta soláthair shonraigh.
- (45) Áitíonn NCA ar a mhalairt de chás go bhfágann leitheadúlacht toisca áirithe (conarthaí fada, méideanna beaga a chuirtear ar tairiscint, líon beag tairgeoirí gníomhacha) nach bhfuil mórán raon feidhme ann d'iomaíocht inbhuanaithe. Measann sé, dá bhrí sin, chun críocha na ceiste a tarchuireadh, go bhfuil tábhacht na bpointí argóinte d'iomaíocht neamhleor.
- (46) Cuireann an Coimisiún roinnt toisca san áireamh ina anailís. Ní aontaíonn an Coimisiún le tuairim BMK gur leor tairiscint iomaíoch ann féin chun a léiriú go bhfuil risíocht dhíreach ar iomaíocht ann. Cé go bhfuil tairiscint iomaíoch le haghaidh seirbhísí neamhthráchtála iompair de bhus ina réamhriachtanas d'iomaíocht sa mhargadh, measann an Coimisiún gur gá toisca eile a chur san áireamh.
- (47) Is gné thábhachtach iad scaireanna margaidh, ach, ós rud é go bhfuil margadh na seirbhísí neamhthráchtála iompair de bhus faoi réir tairiscintí nó dámhachtainí díreacha, ba cheart líon na dtairgeoirí agus ráta rathúlachta na ngníomhaithe éagsúla sa mhargadh a chur san áireamh freisin.

3.3.1. Scaireanna margaidh, líon na dtairgeoirí agus an ráta rathúlachta

- (48) Tá ríomhanna agus tásca na scaireanna margaidh uile a bhaineann le sciar na gconarthaí a tairgeadh bunaithe ar fhaisnéis arna cur isteach ag an iarratasóir ⁽¹⁶⁾.

3.3.1.1. Oirthear na hOstaire (lena gcuimsítear Vín, an Ostair Íochtarach agus Burgenland)

- (49) Ó 2021 ar aghaidh, is ionann seirbhísí bus neamhthráchtála sa réigiún seo agus [100 go 110] milliún ciliméadar sceidealta (skm) in aghaidh na bliana. Gan dámhachtainí díreacha d'oibreoirí inmheánacha a chur san áireamh ([thart ar 20 milliún skm] do Wiener Linien agus Wiener Neustadt), is ionann an margadh ábhartha agus [80 go 90] milliún skm in aghaidh na bliana. Is iad Verkehrsverbund Ostregion GmbH (VOR) ([65 go 70] milliún skm) agus Wiener Linien ([15 go 20] milliún ciliméadar) na príomhúdaráis chonarthaigh.
- (50) Amhail ó mhí na Samhna 2021, is é [35 go 45 %] an sciar den mhargadh a bhí ag an iarratasóir in Oirthear na hOstaire (ba í [45 go 55] % in 2013, an bhliain inar cuireadh tús le tairiscintí oscailte). Tá na scaireanna margaidh seo a leanas ag a phríomhiomaitheoirí: An Dr. Richard ([25 go 30 %]), Gschwindl ([10 go 15] %), Blaguss ([5 go 10] %), N-Bus ([5 go 10]%), Zuklin ([0 go 5] %) agus Retter ([0 go 5] %).
- (51) In Oirthear na hOstaire, tairgeadh 92 % de na conarthaí atá ann cheana (i milliúin skm) ó mhí an Mheithimh 2021 ar aghaidh.
- (52) Ó 2018 i leith, tá 14 nós imeachta soláthair tar éis tarlú sa réigiún, agus 75 tairiscint á gcur i láthair, rud a fhágann go bhfuil 5,4 tairgeoir in aghaidh an nós imeachta ar an meán. Seachas an t-iarratasóir, ghlac a phríomhiomaitheoir, an Dr Richard, páirt i 12 thairiscint, agus ráta rathúlachta [...] % aige. Is é [...] % ráta rathúlachta an iarratasóra. I gcás fhormhór na nósanna imeachta tairisceana, ba iad Postbus nó an Dr Richard na buaiteoirí.

3.3.1.2. An Ostair Uachtarach

- (53) Is ionann seirbhísí neamhthráchtála bus sa réigiún seo agus [35 go 45] milliún skm. Cé is moite de dhámhachtainí díreacha d'oibreoirí inmheánacha ([thart ar 5 mhíilliún] skm do Linz agus Steyr), is ionann an margadh ábhartha agus [30 go 40] milliún skm in aghaidh na bliana in 2021. Is é Oberösterreichische Verkehrsverbund-Org an príomhúdarás conarthach. GmbH Nfg. & Co KG (ÖÖVV) ([30 go 35] milliún skm).Cuireann EWW ([1 go 2] milliún skm) na seirbhísí uirbeacha iompair de bhus in Wels ar tairiscint.

⁽¹⁵⁾ Freagra BMK an 2 Nollaig 2020.

⁽¹⁶⁾ Ríomh an Choimisiúin bunaithe ar Iarscríbhinn 3 a ghabhann le seasamh an údaráis iomaíochta náisiúnta.

- (54) In 2021, is é [40 go 50] % an sciar den mhargadh a bhí ag an iarratasóir san Ostair Uachtarach (ba é [45 go 55] % in 2020 agus [60 go 70] % in 2013, an bhliain a thosaigh tairiscintí a oscailt). Mar gheall ar dhearadh na dtairiscintí san Ostair Uachtarach, a thacaíonn le luchtóga beaga, bhí fiontair bheaga in ann cúig cinn de na deich dtairiscint a eagraíodh le déanaí a bhuachan. San iomlán, is iad Sabtours ([15 go 20] % den mhargadh), Welser ([10 go 15] %), Stern&Hafferl ([5 go 10] %), Dr Richard ([5 go 10] %) agus Leitner ([5 go 10] %) príomhiomaitheoirí Postbus san Ostair Uachtarach.
- (55) San Ostair Uachtarach, tairgeadh 100 % de na conarthaí atá ann cheana (i milliúin skm) ó 2021. De réir an údaráis réigiúnaigh, eagraíodh 21 nós imeachta soláthair ó 2011 i leith, roinnte ina 90 luchtóg, agus 5,2 tairgeoir ar an meán in aghaidh na luchtóige. As 90 luchtóg, bhuaigh Postbus [...] ([...] %).

3.3.2. Conclúid maidir le measúnú iomaíoch

- (56) Tá sciar sách ard, ach laghdú ar sciar na gconarthaí seirbhísí neamhthráchtála iompair de bhus ag an iarratasóir sna réigiúin atá faoi réir na hiarrata. Ó 2013 i leith, tá laghdú beagnach [...] % tagtha ar a sciar den mhargadh in Oirthear na hOstaire agus thart ar [...] % san Ostair Uachtarach.
- (57) Tá cion na dtairiscintí iomaíocha an-ard sa dá réigiún, as a dtagann céatadán faoi seach de chonarthaí tairgthe dar luach 92 % agus 100 %.
- (58) Tá líon na dtairgeoirí in aghaidh na tairisceana iomaíche níos airde ná meánlíon na dtairgeoirí san Aontas do chonarthaí poiblí, ag 5,4 (Oirthear na hOstaire) agus ag 5,2 (An Ostair Uachtarach). Cé gur fíor gur gnách go gcuireann an t-iarratasóir tairiscint isteach i mbeagnach gach nós imeachta tairisceana beag beann ar an áit, tá iomaíocht fós ann ó oibreoirí eile. Go háirithe, tá an Dr Richard an-ghníomhach ar fud an dá réigiún, agus bíonn oibreoirí eile ag tairiscint go rialta sa réigiún ina bhfuil siad gníomhach cheana féin.
- (59) Go ginearálta, tá conarthaí fada do sheirbhísí neamhthráchtála iompair de bhus san Ostair, thart ar 6 go 10 mbliana de réir an iarratasóra ⁽¹⁷⁾. Gné dhílis den mhargadh is ea an ghné seo, toisc go bhféachann na húdaráis iompair réigiúnacha le tairiscintí atá casta go minic a sheachaint. Cé go bhféadfadh sé sin dochar a dhéanamh don iomaíocht ⁽¹⁸⁾, déantar é a fhrithchothromú toisc gur luchtóga beaga tairiscintí na n-údarás iompair réigiúnach faoi seach, tairiscintí atá níos ísle ná 1 mhilliún skm go minic. Is gné thábhachtach í an dara gné a spreagann iontráil sa mhargadh agus, ar deireadh, an iomaíocht sa dá réigiún ⁽¹⁹⁾.
- (60) Áitíonn NCA ar a mhalairt de chás go bhfágann leitheadúlacht tosca áirithe amhail fad fada an chonartha, méideanna beaga a thairgtear, líon beag tairgeoirí gníomhacha, nach bhfuil mórán de raon feidhme ann d'iomaíocht inbhuanaithe. Measann sé, dá bhrí sin, chun críocha na ceiste a tarchuireadh, go bhfuil tábhacht na bpointí argóinte d'iomaíocht neamhleor. Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara, áfach, gur measadh i gconclúid NCA staid na hiomaíochta ar fud na hOstaire ar fad agus gur aithin NCA difríochtaí an-suntasach idir an Verkehrsverbände (cumainn iompair réigiúnaigh). Tá na tosca a luaitear i seasamh NCA i bhfad níos ábhartha i gcás réigiúin eile na hOstaire seachas na cinn a chuimsítear leis an iarratas. Mar shampla, ní raibh ráta na dtairiscintí iomaíocha ach 30 % in Carinthia agus 32 % in Tirol in 2020 (in aghaidh 92 % agus 100 % sa réigiún faoi inniúlacht VOR agus sa réigiún faoi inniúlacht OÖVV). Níorbh ionann meánlíon na dtairgeoirí ach 2,3 in Vorarlberg, i gcomparáid le cúigear sa dá réigiún atá faoi réir na hiarrata. Cé go raibh sciar margaidh an iarratasóra in Salzburg ag [70 go 80] %, bhí sé faoi bhun 50 % sa dá réigiún a bhí faoi réir na hiarrata.
- (61) I bhfianaise na dtosca a scrúdaíodh thuas, is é conclúid an Choimisiúin go bhfuil gníomhaíocht seirbhísí neamhthráchtála iompair de bhus sna réigiúin iompair faoi inniúlacht VOR agus OÖVV neamhchosanta go díreach ar iomaíocht de réir bhrí Airteagal 34(1) de Threoir 2014/25/AE.

⁽¹⁷⁾ Cur i bhfeidhm, lch. 28.

⁽¹⁸⁾ Féach aithris 15 de Rialachán (CE) Uimh. 1370/2007.

⁽¹⁹⁾ Teachtaireacht COM 2017/572 "An soláthar poiblí a chur ag obair san Eoraip agus don Eoraip", ina n-áitíonn an Coimisiún gurb é an chéad bheart chun rochtain FBMana ar mhargaí soláthair poiblí a fheabhsú ná conarthaí a roinnt ina luchtóga.

4. CONCLUÍD

- (62) Chun críocha an Chinnidh seo agus gan dochar do chur i bhfeidhm dhlí iomaíochta an Aontais Eorpaigh, ba cheart glacadh le torthaí na hanailíse margaidh a liostaítear in aithrisí (43) go (55) mar léiriú go bhfuil seirbhísí neamhthráchtála iompair de bhus sa dá réigiún iompair Ostaracha atá faoi inniúlacht VOR agus OÖVV nochta leis an iomaíocht de réir bhrí Airteagal 34 de Threoir 2014/25/AE. Dá bhrí sin, ba cheart a leagan síos nár cheart feidhm a bheith ag Treoir 2014/25/AE maidir le conarthaí atá beartaithe chun saothrú na gníomhaíochta sin a chumasú sa dá réigiún iompair atá faoi inniúlacht VOR agus OÖVV.
- (63) Ba cheart go leanfadh Treoir 2014/25/AE d'fheidhm a bheith aici maidir le conarthaí arna ndámhachtain ag eintitis chonarhacha agus lena mbeartaítear soláthar seirbhísí neamhthráchtála iompair de bhus a chumasú ar chríoch na réigiún eile iompair nach gcumhdaítear leis an gCinneadh seo.
- (64) Ní dochar an Cinneadh seo do chur i bhfeidhm na rialacha iomaíochta agus do chur i bhfeidhm réimsí eile de dhlí an Aontais. Go háirithe, ní gá gurb ionann na critéir agus an mhodheolaíocht a úsáidtear chun measúnú a dhéanamh ar nochtadh díreach don iomaíocht faoi Airteagal 34 de Threoir 2014/25/AE agus na critéir agus an mhodheolaíocht a úsáidtear chun measúnú a dhéanamh faoi Airteagal 101 nó Airteagal 102 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh nó faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ⁽²⁰⁾ mar a dhearbhaigh an Chúirt Ghinearálta ⁽²¹⁾,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal Aonair

Ní bheidh feidhm ag Treoir 2014/25/AE maidir le conarthaí arna ndámhachtain ag eintitis chonarhacha agus lena mbeartaítear soláthar seirbhísí neamhthráchtála iompair de bhus a chumasú i gcríoch na réigiún faoi inniúlacht Verkehrsverbund Ost-Region agus an réigiún faoi inniúlacht Oberösterreich Verkehrsverbund.

Dírítear an Cinneadh seo chuig Poblacht na hOstaire.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 10 Márta 2022.

Thar ceann an Choimisiúin
Thierry BRETON
Comhalta den Choimisiún

⁽²⁰⁾ Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle an 20 Eanáir 2004 maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais (Rialachán um Chumaisc AE) (IO L 24, 29.1.2004, lch. 1).

⁽²¹⁾ Breithiúnas an 27 Aibreán 2016, *Österreichische Post AG v. An Coimisiún*, T-463/14, EU:T:2016:243, mír 28. Féach freisin Treoir 2014/25/AE, aithris 44.